



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDUITHE AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2005

CLÓSCRÍOBH – GNÁTHLEIBHÉIL

(100 Marc)

DÉ hAOINE, 3 MEITHEAMH, 9.30 r.n. – 11.40 r.n.

TREORACHA

GINEARÁLTA

- * Tá deich nóiméad ceadaithe chun an páipéar seo a léamh, 9.30 – 9.40 r.n. *Ní ceadmhach clóscríobh a dhéanamh i rith na tréimhse sin.*
- * Clóscríobh d’Uimhir Scrúdaithe ar bharr gach bileoige de do chuid oibre. Clóscríobh ‘N-L’ i ndiaidh d’Uimhir Scrúdaithe má tá clocscríobhán neamh-leictreonach(lámhe) á úsáid agat.
- * Tosaigh gach Roinn ar bhileog úr.
- * Is ceadmhach aon chineál ceartúcháin a úsáid, scriosán, páipéar, leacht rl, ach amháin sa Triail Chruinnis (Ceist 1). Dealófar marcanna má fhágann ceartúcháin obair mhí-shlachtmhar ina ndiaidh.
- * Ag deireadh an scrúdaithe bailigh do chuid oibre **in ord**.
- * Scríobh d’Uimhir Scrúdaithe ar an gelúdach atá ann do d’obair chríochnaithe. Scríobh ‘N-L’ i ndiaidh d’Uimhir Scrúdaithe má d’úsáid tú clóscríobhán lámhe (neamh-leictreonach).
- * Ná cuir do Thriail Chruinnis i gelúdach ar leith.
- * Léigh go cúramach na treoracha sonracha do gach Ceist mar atá tugtha thíos.

CEISTEANNA

1. Triail Chruinnis (9.40 r.n. – 9.50 r.n.)

- 1.1 Déan cóip charbóin de do chuid oibre. Dealófar marcanna mura ndéanfar seo.
- 1.2 Bain úsáid as spásáil dhúbailte agus fág dóthain imeall ar an dá thaobh den pháipéar.
- 1.3 Dealófar marcanna má bhaintear úsáid as ceartúcháin ar bith.
- 1.4 Ní ghnóthófar marcanna breise má chlóscríobhtar an sliocht seo, nó aon chuid de, den dara huair.
- 1.5 Tabhair an chóip chlóbhuailte agus an chóip charbóin de do chuid oibre don Fheitheoir ag deireadh na Trialach Cruinnis. Tabharfar an dá chóip ar ais duit ag deireadh an scrúdaithe chun cur leis an gcuid eile de do chuid cleachtaithe.

2. Litir Ghnó

- 2.1 Clóscríobh an litir seo san fhoirm cheart.

3. Ráiteas Táblaithe

4. Biachlár

- 4.1 Taispeáin an Biachlár go héifeachtach.

CEIST 1 – TRIAIL CHRUINNIS (10 NÓIMÉAD)

- **Dean cóip charbóin de do chuid oibre.**
- **Bain úsáid as spásáil dhúbailte agus fág imill d’órlach amháin.**
- **Dealófar marcanna má bhaintear úsáid as ceartúcháin ar bith.**
- **Ní ghnóthófar marcanna breise má chlóbhuailtear an sliocht, nó aon chuid de, den dara huair.**
- **Tabhair an chóip chlóbhuailte agus an chóip charbóin de do chuid oibre don Fheitheoir ag deireadh na Trialach Cruínis. Tabharfar an dá chóip ar ais duit ag deireadh an Scrúdaithe chun cur leis an gcuid eile de do chuid cleachtaithe.**

Tá an Bhunléimneach ar cheann de na foirmeacha is nua aimseartha agus is spreagúla de ghníomhaíocht spóirt ar domhan. Teilgeann an bunléimneoir ó struchtúir talaimh mar fhoirgnimh, aeróga, réisí agus séadchomharthaí – sin fáth an ainm BUN. De bharr an fhaid, bíonn léim an Bhunléimneora i bhfad níos giorra agus ní bhíonn ach thart ar trí shoicind aige ón uair a thosaíonn sé, go dtí go mbíonn air an paraisiút a oscailt - rabharta aidreanailín gan aon dabht! Bíonn ardphriacal i gceist mar ní iompraíonn an bunléimneoir ach an t-aon cheannbhrat amháin, ach bíonn dromchla a cheannbhrat mór go leor chun toradh níos míne a bheith ar an eitilt agus chun smacht níos fearr a imirt ar an tuirlingt, i gcomparáid leis na gnáthchinnbhrait.

Imreoirí cothroma cearta iad na bunléimneoirí nach mbíonn sásta amach is amach leis na gnáthléimeanna cothroma. Cleachtaíonn siad cleasanna ar leith, cosúil le smalóg droma sa treo céanna, nó iompú tóin thar cheann san aer, nó cleasanna níos misniúla fiú, de shaghas ‘an traein’. Déantar taispeántas de na cinn seo ar fad agus cleasanna níos misniúla fiú mar Chleasaíocht Aerga, comórtas bliaintiúil anois a chuirtear ar siúl sa Túr KI i Kuala Lumpur, príomhchathair na Malaeisia. Déantar stocaireacht ar an struchtúr seo mar an ceathrú túr teileachumarsáide is airde ar domhan, agus ard iontach de 421 méadar ann. Déantar léimeanna chomh maith ó na leathtúranna is airde ar domhan - na Leathtúranna Petrolas in KL – a sheasann 452 méadar ard..

(25 MARC)

CEIST 2 – LITIR GHNÓ

CLÓSCRÍOBH AN LITIR GHNÓ SEO A LEANAS LE DO THOIL. NÍL CÓIP CHARBÓIN DE DHÍTH. TÁ CLÚDACH, NÓ CRUTH CLÚDAIGH, RIACHTANACH.

Tag MM (do thúslireacha)

16 Bealtaine 2005

Kerina Iníon Uí Loinsigh
102 Bóthar Northumberland
BAILE ÁTHA CLIATH 2

A Iníon Uí Loinsigh,

Táim buíoch díot as d'fhiosrú maidir le ballraíocht de Chlub Gleacaíochta Unicorn.

Mar bhall, tig leat úsáid iomlán a bhaint as ár ngiomnáisiam lán-chóirithe, as an stiúideo aeróbach agus as an linn fiche méadar. Tá ár ngiomnáisiam cóirithe leis an bhFeisteas Technogym is nua-aimseartha, lena eochair-chóras sainiúil TGS a spreagfaidh tú chun na torthaí a theastaíonn uait a fháil.

Tá go leor buntáistí eile i gceist chomh maith, má bhíonn tú id bhall den Chlub seo. Más ball tú, ar thuig tú go bhfuil tú i dteideal:

1. Club Gleacaíochta Blackberry i gCill Dara a úsáid, agus dá bhrí sin, faigheann tú dhá chlub ar phraghas ceann amháin.
2. Laghdú 10% ar gach costas pearsanta bia agus lóistín (seachas póstaí agus comhdhálacha) in Ostán Blackberry, Cill Dara agus in Ostán Unicorn, Baile Átha Cliath.
3. Laghdú 10% ó chóreacha in ár Salóin Áilleachta agus in ár Salóin Ghruaige.

Ná bíodh leisce dá laghad ort dul i dteagmháil liom ar 01 – 4588933, ma bhíonn aon cheist eile agat.

Is mise i Sláinte agus i bhFolláine Coirp.

MUIRÉAD NÍ MHAOLCHATHA
Riarthóir

(25 MARC)

CEIST 3 - RÁITEAS TÁBLAITHE

**TAISPEÁIN AN RÁITEAS TÁBLAITHE A LEANAS AR PHÁIPÉAR A4.
TAISPEÁIN É GO hÉIFEACHTACH. GLACFAR LE STÍL BHLOIC NÓ LE STÍL
LÁRNACH.**

MIONDEALÚ PRAGHSANNA MIONDÍOLA FÍONA IN ÉIRINN				
GACH PRAGHAS SAN EURO				
	Don bhuidéal	Don bhuidéal	Don bhuidéal	Don bhuidéal
Costphraghas	0.53	0.98	3.51	4.00
Lódáil	0.32	0.32	0.32	0.32
Corrlach an mhórdhíoltóra	0.41	0.62	0.84	0.91
Corrlach an mhiondíoltóra	0.82	1.24	1.68	1.82
Fo-iomlán	2.91	4.16	6.35	7.05
<u>Cánacha agus</u> <u>Dleachtanna</u>				
CBL	0.87	1.30	1.76	1.91
Dleacht	2.04	2.04	2.04	2.04
Costas Iomlán Cánach	2.91	3.34	3.80	3.95
PRAGHAS MIONDÍOLA	4.99	7.50	10.15*	11.00*

* Léiríonn sé seo go dtosaíonn an t-úsáidire ag fáil luach a chuid airgid ar na fionta thar €10.15, mar ag an bpointe seo tosaíonn praghas an fhíona ag sárú praghas na cánach go héasca.

(30 MARC)

CEIST 4 – BIACHLÁR

TAISPEÁIN AN BIACHLÁR SEO A LEANAS GO TARRAINGTEACH AR
BHILEOG A4 LE DE THOIL.

SÚIPÉAR

Satay na Malaeisia

Ár Sicín Griollta Gualach agus Briogúin Mhairteola a bhfuil clú orthu
Le hAnlann Phís Talún Spíosrach mar bharr

Géarú Goile

Lacha Griollta agus Sailéad Mhuirín
Le Lus Súcach, Muisiriún agus Blastán Soighe Cílí

Rí-Iasc Friochta agus Diúilicíní

Dáilte ar leaba Chaininne Galstofa, Ológ agus Liomóid Leasaithe,
críochnaithe go simplí le Blastán Glas-Súlach

Nó

Spanla Mairteola Galstofa

Curtha i Láthair le Blasanna de Chainéal, de Réalt Ainíse agus de Chóiriandar

Trinsiúr Cáiseanna
Maróg Fige agus Sinséir
Fanaile Anglaise

(20 MARC)